

# Oiliúint do Bhord Bainistíochta na Scoile

Cláraigh ar ár suíomh: <https://www.foras.ie/oiliuint-do-phriomboidi/>

Pátrún Lán-Ghaeilge  
Do Scoileanna Lán-Ghaeilge



**22 MF 2022**  
**Déardaoin, 7in**

## **Cosaint Leanaí**

*Dualgais i leith Chosaint Leanaí do  
Bhord Bainistíochta na scoile*




# Clár an tSeisiúin

- Sainmhínithe
- Freagrachtaí na Foirne
- Freagrachtaí an T.A.
- Imní a Thuairisciú
- Cumhdach Leanaí
- Maoirseacht ar Chumhdach Leanaí



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA

*An tAcht Tús Áite Do Leanaí, 2015 , RLGÓ Treoir Náisiúnta  
agus Níosanna um Chosaint Leanaí ROS 2017*



# Lucht Foirne Scoile

- GACH duine fásta bainteach le feidhmiú na scoile
- Clúdaíonn sé fostaithe agus oibrithe deonacha agus
- Baill chomhairle na dtuistí nuair atá siad ag obair sa scoil.

# Mí-úsáid Leanaí a Shainmhíniú & a Aithint

Ba chóir go mbeadh an lucht foirne scoile go léir eolach ar na ceithre phríomhchineál mí-úsáide:

- faillí
- mí-úsáid mhothúchánach
- mí-úsáid chorpartha
- mí-úsáid ghnéasach

Comharthaí agus iompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhartha de mhí-úsáid leanaí

## Traenáil Ar Líne TUSLA

Ar chóir í a athdhéanamh ?



# Freagrachtaí Lucht Foirne na Scoile

In aon chás ina bhfaigheann aon bhall den lucht foirne scoile líomhain nó má tá amhras orthu go bhféadfaí go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann ... ní mór go ndéanfaidh sé nó sí an t-ábhar a thuairisciú don TA

Anuas air sin caithfidh múinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe a mheas an bhfuil an imní ag an tairseach nó os a cionn chun tuairisc sainordaithe a dhéanamh do Tusla.

*(3.1.1 & 3.1.2 Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017)*



# Gníomhartha an TA

- Taifead a dhéanamh de gach imní nó líomhain mar aon leis na gníomhartha a rinneadh
- Coinneoidh an TA cóip de gach tuairisc a chuir sé nó sí isteach chuig Tusla agus coinneoidh sé taifead d'aon ghníomh breise atá le déanamh ag an TA agus d'aon chumarsáid bhreise le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile
- Tabharfaidh an TA cód uathúil nó sraithuimhir do gach cáschomhad

# Sainmhíniú ar Díobháil

Ciallaíonn “díobháil”, maidir le leanbh –

a. ionsaí, drochíde nó faillí ar an leanbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go mór ar shláinte, fhorbairt nó leas an linbh, nó ar dóigh dó dul i bhfeidhm go mór air, nó

b. mí-úsáid ghnéasach an linbh

cibé acu le gníomh aonair, neamhghníomh nó imthoisc nó sraith nó teaghlaim de ghníomhartha, neamhghníomhartha nó imthosca, nó eile; ”



# Tairseach Díobhála

- ..... ag a mbíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe tuairisciú chuig Tusla faoin Acht nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici:
- go bhfuil faillí/drochíde/ionsaí déanta/á dhéanamh/baol ann go ndéanfaí ar leanbh nó ar riachtanais linbh

**NB: Ní mór gach ábhar imní faoin drochúsáid ghnéasach a chur isteach mar thuairisc shainordaithe chuig Tusla**

# Ábhair Imní a Thuairisciú

## An Fhoireann ar Fad



Áit a mbaineann an líomhain nó an t-ábhar imní leis an TA, tuairisceoidh an ball foirne scoile chuig Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta



# Ábhair Imní a Thuairisciú

## Teagmhálaí Ainmnithe

### Comhairle neamhfhoirmiúil ó Thusla

Má bhíonn amhras ann iarr comhairle ar Thusla agus bí sóiléar gurb í comhairle atá á lorg, agus nach bhfuil tuairisc á scríobh ag an gcéim neamhfhoirmiúil seo.

Ní gá aon sonraí céannachta a thabhairt ag an gcéim neamhfhoirmiúil seo.

Coinnigh taifead ar an dáta, ainm an oifigigh Tusla agus ar an gcomhairle faighte.

Más múinteoir cláraithe a d'ardaigh an t-imní, cuir an múinteoir ar an eolas maidir leis an toradh.

\* Nóta: Teimpléid ar [www.foras.ie](http://www.foras.ie)

# Ábhair Imní a Thuairisciú

## AN TA

Tuismitheoir/Cúramóir a chur ar an eolas

*Dea-chleachtas atá ann an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh agus na cúiseanna leis an gcinneadh an tuairisc a dhéanamh ach amháin:*

- más rud é go mbeidh an leanbh i mbaol breise nó
- i gcásanna ina mbeadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc ina bhac le cumas Tusla measúnú riosca a dhéanamh nó
- má tá an tuairisceoir den bharúil réasúnta go mbeadh an tuairisceoir i mbaol díobhála ón teaghlach tríd é sin a dhéanamh.

Sa chás go bhfuil aon amhras ag an TA maidir le tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh faoina leanbh, iarrfar comhairle ó Thusla.

\* Nóta: Teimpléad C ar [www.foras.ie](http://www.foras.ie)

# Liomhain mhí-úsáide déanta ag tuismitheoir faoi bhall den lucht foirne scoile

Laistigh de 10 lá, eiseoidh an TA fógra i don tuiste atá i gceist

a. De réir cheanglais na Nósanna Imeachta

- go bhfuil an scéal tuairiscithe ag an TA chuig Tusla nó
- go bhfuil comhairle iarrtha maidir leis an scéal ó Thusla ag an TA agus de bhun na comhairle sin nár tuairiscíodh an scéal chuig Tusla nó
- gur chinn an TA nárbh fhorais réasúnta imní a bhí ann de réir mar atá leagtha amach faoi na nósanna imeachta seo agus nár ghá é a thuairisciú chuig Tusla mar sin agus gur mar seo a leanas a bhí na cúiseanna leis an gcinneadh sin,

b. go bhfuil sé de rogha ag an tuismitheoir i gceist dul i dteagmháil go díreach le Tusla maidir leis an scéal, más mian leis an tuismitheoir

c. go gcaithfear déileáil le líomhain ar bith drochúsáide de réir imeachta cuí atá leagtha amach i gcaibidil 7 agus nach ndéileálfar leo mar sin faoi nósanna imeachta na scoile do ghearáin ó thuismitheoirí.

*Nóta: Teimpléad Roghnach ROS D*

Is cuma cé acu an bhfuil an scéal á thuairisciú chuig Tusla nó nach bhfuil, cuireadh an TA an fostóir ar an eolas i gcónaí maidir le líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí de chuid na scoile



# Líomhaintí nó Amhrais faoi Dhrochúsáid Leanaí bainteach leis an Lucht Foirne Scoile

Nós imeachta i  
leith na  
líomhna/an  
amhrais

Nós imeachta  
chun déileail  
leis an bhfostaí



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA

# **Líomhain nó amhras faoi Mhí-Úsáid Leanaí maidir le ball den Bhord Bainistíochta**

Cuirfidh an bord bainistíochta an pátrún ar an eolas go bhfuil tuarascáil lena bhfuil ball boird luaite curtha faoi bhráid Tusla.

# Riachtanais Cumhdaigh Leanaí

Leanaí a  
choinneáil  
sábháilte ón  
díobháil

Tá gach scoil  
aitheanta mar  
"Sholáthraí"  
faoin Acht um  
Thús Áite do  
Leanaí, 2015.



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA



# Riachtanais Cumhdaigh Leanaí

Príomhoibleagáidí reachtúla ar Bhord Bainistíochta faoin Acht :

- a) A chinntiú, sa mhéid is indéanta, go mbíonn leanaí sábháilte ón díobháil
- b) Measúnú Riosca
- c) Ráiteas scríofa maidir le Cumhdach Leanaí a chumadh agus a thaispeáint

*[R.C.L.] (Tabhair faoi deara go gcaithfear an Measúnú Riosca a chur i gceangal leis an RCL.)*

# Teimpléid Éigeantacha

Go léir ar [www.foras.ie](http://www.foras.ie)

Teimpléad Measúnaithe Riosca um Chosaint Leanaí

Teimpléad Ráitis um Chosaint Leanaí

Seicliosta don Athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA

# Riachtanais Cumhdaigh Leanaí

(ar lean)

d. “duine cuí” a cheapadh mar an chéad phointe teagmhála i leith Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí.

e. cóip dá Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do bhaill de lucht foirne na scoile agus do thuismitheoirí, do bhaill den phobal agus do Thusla má iarrann siad é.

# Riachtanais Cumhdaigh Leanaí

Taobh amuigh den Acht is ceart do BB bheith feasach i gcónaí ar an ngá le cleachtas stuama ó thaobh cosainta leanaí.

- An Clár Bí Sábháilte
- Nósanna imeachta earcaíochta agus na riachtanais i dtaca le grinnfhiosrúchán an Gharda
- Oiliúint - Déanfaidh BB cinnte de go mbíonn na baill foirne agus na comhaltaí den bhord bainistíochta ar fad sách oilte ar na nósanna imeachta seo chun go mbeidh siad in ann a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

# Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí

i bhfeidhm ón 11ú Márta 2018

Cóip den RCL don fhoireann uile.

Ar fáil do thuistí, Tusla & baill phobail má iarrtar.

Tabhair don Phátrún agus C na dT.

Ar fáil don ROS má iarrtar.

Foilsithe ar láithreán gréasáin na scoile.

Taispéan in áit fheiceáileach sa scoil gar don bhealach isteach

Ainm an TA in aice R.C.L.

TA ceaptha mar Dhuine Ábhartha



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA

# Maoirseacht

## Ráiteas um Chosaint Leanaí

Caithfidh an Bord:

- RCL a ghlacadh go foirmiúil agus taifead sna miontuairiscí
- Taifead sna miontuairiscí ábhartha boird gur comhlíonadh gach ceann de na ceanglais atá leagtha amach sna nósanna imeachta go hiomlán.
- Athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an fógra a eisiúint ag deimhniú **don phátrún agus do Chumann na dTuismitheoirí**

# Teimpléad Éigeantach 3

Teimpléad Éigeantach ar [www.foras.ie](http://www.foras.ie)

- Tá 38 ceist ar an seicliosta chun cabhrú leis an mBord an t-athbhreithniú a dhéanamh.
- Ba cheart don Bhord taifead den athbhreithniú agus a thoradh a choinneáil, lena n-áirítear taifead ar aon réimsí le feabhsú atá aitheanta.

# Maoirseacht

Ceanglais um  
Thuairisciú a  
Comhlíonadh

Ceanglais um  
Chosaint Leanaí a  
Chomhlíonadh



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA



# Maoirseacht

## Bord Bainistíochta Athbhreithniú ar Cháipéisíocht



Liomhaintí i gcoinne Lucht Foirne Scoile

- Cóipeanna de na taifid agus nótaí uile a bhaineann le conas a fuair an TA amach faoin líomhain/imní
- Cóipeanna d'aon taifid agus nótaí a bhaineann le comhairle a iarraidh ar Tusla maidir leis an líomhain agus leis an gcomhairle a tugadh
- Cóipeanna d'aon tuairisc a cuireadh faoi bhráid Tusla maidir leis an líomhain
- Cóipeanna d'aon taifid cumarsáide eile le Tusla, An Garda Síochána nó le haon pháirtí eile maidir leis an líomhain (lena n-áirítear aon admháil ó Tusla go bhfuair siad an tuairisc)
- Cóipeanna d'aon ráiteas a chuir ball den lucht foirne scoile ar fáil faoi mhír 5.3.8 de na nósanna imeachta. (nuair a bheartaíonn TA gan tuairisciú).
- Cóipeanna d'aon fhógra a eisíodh faoi alt 5.6 de na nósanna imeachta seo (Imní faoi chosaint leanaí faoi bhall de phearsanra scoile arna ardú ag tuismitheoir).



# Maoirseacht

Imní eile maidir le Cosaint Leanaí / C.P. ábhair imní a éascraíonn as Bulaíocht



- Cóipeanna de na taifid agus nótaí uile a bhaineann le conas a fuair an TA amach faoin líomhain/imní
- Cóipeanna d'aon taifid agus nótaí a bhaineann le comhairle a iarraidh ar Tusla maidir leis an líomhain agus leis an gcomhairle a tugadh
- Cóipeanna d'aon tuairisc a cuireadh faoi bhráid Tusla maidir leis an líomhain/imní
- Cóipeanna d'aon taifid cumarsáide eile le Tusla, An Garda Síochána nó le haon pháirtí eile maidir leis an líomhain (lena n-áirítear aon admháil ó Tusla go bhfuair siad an tuairisc)
- Cóipeanna d'aon ráiteas a chuir ball den lucht foirne scoile ar fáil faoi mhír 5.3.8 de na nósanna imeachta. (nuair a bheartaíonn TA gan tuairisciú).

# Rúndacht

Níor cheart sonraí a d'fhéadfadh leanbh a aithint a thaifeadadh i miontuairiscí chruinnithe an bhoird bhainistíochta

Comhalta boird a sháraíonn an riachtanas maidir le rúndacht

Féadfaidh an pátrún an duine a dhíbirt den bhord bainistíochta

Ní fhéadfar é / í a chosaint in aon imeachtaí dlí

# Príomhghníomhartha um maoirseacht leanúnach

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí DES 2017 le glacadh go foirmiúil, gan aon mhodhnú, ag an mBord

A chinntiú go gcuirtear rochtain ar fáil do gach pearsanra scoile ar Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí DES 2017

Athbhreithniú leanúnach ar an Measúnú Riosca Cosanta Leanaí, i gcomhthéacs an athbhreithnithe bhliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí

Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí an Phríomhoide don bhord ag gach cruinniú Boird

Ceanglas maidir le hoiliúint chuí leanúnach, ó eagraíochtaí ábhartha, don Bhoird Bainistíochta, DCA agus pearsanra na scoile.

# Go raibh maith agaibh

Faigh sleamhnáin & taifead ón seisiún inniu ag:

<https://www.foras.ie/oiliuint-boird/>



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA